2025/1326

4.7.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1326 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 25 Meitheamh 2025

lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) (EUBAM Libya/1/2025)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh 2013/233/CBES ón gComhairle an 22 Bealtaine 2013 maidir le Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2013/233/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 8 Nollaig 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/2784 ([2]), lena gceaptar Jan VYČÍTAL mar Cheann Misin EUBAM Libya ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025.

(3) An 24 Aibreán 2025, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Jan VYČÍTAL mar Cheann Misin ar EUBAM Libya ón 1 Iúil 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh 6 mhí eile a chur le sainordú Cheann Misin reatha EUBAM Libya,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Jan VYČÍTAL Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM Libya) ón 1 Iúil 2025 go dtí an 31 Nollaig 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUBAM LIBYA amhail ón 1 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Meitheamh 2025.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. M. VENSILD

([1]) IO L 138, 24.5.2013, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/233(1)/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/2784 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Nollaig 2023 maidir le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia (EUBAM na Libia) (EUBAM na Libia/2/2023) (IO L, 2023/2784, 11.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2784/oj).